Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 27 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11084/23**

**SUSTDEV 100**
**ONU 43**
**ENV 751**
**DEVGEN 131**
**AG 64**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 27 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10629/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | An tAontas Eorpach agus é leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030: an claochlú a stiúradh agus an dul chun cinn a bhrostú ar gach leibhéal<br>– Conclúidí ón gComhairle (27 Meitheamh 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aontas Eorpach agus é leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 3962ú cruinniú a bhí aici an 27 Meitheamh 2023.

**IARSCRÍBHINN**

**An tAontas Eorpach agus é leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030: an claochlú a stiúradh agus an dul chun cinn a bhrostú ar gach leibhéal**

**Conclúidí ón gComhairle**

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

1. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go bhfuil an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ag tacú go daingean le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus lena Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) mar threochlár comhchoiteann i dtreo todhchaí inbhuanaithe. *MEABHRAÍTEAR DI* conclúidí mhí an Mheithimh 2017, mhí Aibreáin 2019, mhí na Nollag 2019 agus mhí an Mheithimh 2021, conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2018, chomh maith leis na príomhtheachtaireachtaí polaitiúla chuig Fóram Ardleibhéil Polaitíochta 2023 um Fhorbairt Inbhuanaithe, agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* na gealltanais atá iontu.

2. *CUIREANN SÍ I bhFÁTH* gur réamhriachtanais iad an tsíocháin, an tslándáil agus urraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, gur réamhriachtanais iad don fhorbairt inbhuanaithe, i gcomhréir le Clár Oibre 2030, ós dual dó a bheith comhtháite, doroinnte agus idirnasctha, mar a chumhdaítear le SDG 16. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go gcáineann sí go diongbháilte an fogha neamhdhleathach atá á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, gan chúis gan údar, ar fogha é a sháraíonn go follasach an dlí idirnáisiúnta lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe; *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a dlúthpháirtíocht leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine; agus *TACAÍONN SÍ* leis an iarraidh ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar an Rúis deireadh a chur lena fogha.

3. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* go mbeimid leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 i mbliana agus *CUIREANN SÍ IN IÚL* gur *ÁBHAR IMNÍ DI* torthaí na Tuarascála ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an Dul Chun Cinn i dtaobh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, tuarascáil ina ndearbhaítear nach leor a bhfuil déanta go dtí seo ar fud an domhain. *CUIREANN SÍ I bhFÁTH* nach leor cúrsaí a bheith ag imeacht mar is gnách agus go bhfuil gá le hidirghabhálacha fianaisebhunaithe fíorchlaochlaitheacha mar aon le hathléimneacht mhéadaithe i ndáil le géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo. *ADMHAÍONN SÍ* gur gá cur leis na hiarrachtaí agus *TATHANTAÍONN SÍ* ar an gcomhphobal idirnáisiúnta dlús a chur leis an dul chun cinn agus na gealltanais agus na gníomhaíochtaí comhchoiteanna domhanda a chomhlíonadh.

**IN OIRCHILL CHRUINNIÚ MULLAIGH NA SDGANNA, DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

4. *AITHNÍONN SÍ* go bhfuil an teannas geopholaitiúil ag dul i méid sa domhan. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go dtacaíonn sí go láidir le hiltaobhachas láidir riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár. I ndáil leis an méid sin, *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* an deis a cuireadh ar fáil ag Cruinniú Mullaigh na SDGanna agus ag cruinnithe ardleibhéil eile chun an móiminteam is gá a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gcóras iltaobhach agus chun dlús a chur leis an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe. I ndáil leis an méid sin, *IARRANN SÍ* go mbeidh rannpháirtíocht ar ardleibhéil ag Cruinniú Mullaigh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

5. *ADMHAÍONN SÍ* an ról ríthábhachtach atá ag an eolaíocht maidir le measúnú a dhéanamh ar stádas cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 chomh maith leis an ról atá ag an eolaíocht maidir le príomhréitigh fhianaisebhunaithe a shainaithint. *IARRANN SÍ* go dtabharfaí aird ar leith ar 'Tuarascáil 2023 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Dhomhanda' agus ar na moltaí a aithníonn sí a bheith ríthábhachtach do na hathruithe claochlaitheacha is gá chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach. *IARRANN SÍ*, go háirithe, ar an gCoimisiún iad sin a chur san áireamh go hiomlán ina phróisis pleanála beartais ábhartha.

6. *CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT* a ríthábhachtaí atá sé feabhas a chur ar shlógadh acmhainní airgeadais ó gach foinse, mar shampla maoiniú intíre agus idirnáisiúnta, idir phoiblí agus phríobháideach i gcomhréir le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa. *CUIREANN SÍ I bhFÁTH* go bhfuil sé ríthábhachtach i gcás tíortha i mbéal forbartha, agus go háirithe tíortha atá i staideanna géarleochaileachta, feabhas a chur ar na sreafaí airgeadais atá ann faoi láthair agus a d'fhéadfadh a bheith ann agus deireadh a chur leis na bacainní ar na sreafaí sin ionas go bhféadfaidh siad na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

7. *CUIREANN SÍ IN IÚL* go dtacaíonn sí le hathchóiriú a dhéanamh ar an ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta lena dtacaítear leis na daoine is leochailí agus earraí poiblí domhanda á gcosaint ag an am céanna. *AITHNÍONN SÍ* an móiminteam a chuirtear ar fáil le tionscnaimh éagsúla atá ar bun, mar shampla Clár Oibre Bridgetown, Plean SDGanna Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe agus Cruinniú Mullaigh Pháras do Chomhshocrú Nua Airgeadais, lena bhféadfar ionchur tábhachtach a chur ar fáil do Chruinniú Mullaigh na SDGanna, don Idirphlé Ardleibhéil maidir le Maoiniú don Fhorbairt, do chruinnithe bliantúla Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda agus an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, agus do COP 28.

8. *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* gur iarradh ar pháirtithe leasmhara uile na n-institiúidí airgeadais idirnáisiúnta athchóiriú a dhéanamh ar chleachtais agus ar thosaíochtaí na mBanc Forbartha Iltaobhach chun aghaidh a thabhairt go córasach ar dhúshláin dhomhanda agus leanúint dá bhfócas ar laghdú na bochtaineachta agus ar mhéadú an rathúnais chomhroinnte ag an am céanna. *DEARBHAÍONN SÍ* ina theannta sin gur *DÍOL SÁSAIMH DI* gur iarradh go mbeadh gach sreabhadh airgeadais comhsheasmhach le cosaint earraí poiblí domhanda, lena n-áirítear conairí forbartha atá aeráidneodrach agus aeráid-díonach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus i dtreo na SDGanna a bhaint amach. agus *MOLANN SÍ* freisin do na Bainc Forbartha Iltaobhacha an saineolas teicniúil, na hionstraimí teicniúla agus an struchtúr dreasachta a chuireann siad ar fáil do thíortha i mbéal forbartha a neartú chun tionscadail aistrithe fuinnimh, i measc nithe eile, a mheallfaidh infheisteoirí príobháideacha intíre agus eachtrannacha, a mhionsaothrú.

9. *AITHNÍONN SÍ* an ról ríthábhachtach atá ag an gcomhar idirnáisiúnta agus go bhfuil an cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) ina fhoinse mhór airgeadais fós maidir le dul chun cinn a bhaint amach i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe. *MEABHRAÍTEAR DI* gurb é an tAontas agus a Bhallstáit, i dteannta a chéile, an soláthraí is mó ODA ar domhan agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* tiomantas comhchoiteann an Aontais 0.7 % den ollioncam náisiúnta (OIN) a chur ar fáil mar ODA.

10. *CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT* go rannchuideoidh an straitéis Global Gateway go díreach le raon de SDGanna idirnasctha a chur chun feidhme, arb ionann sin agus tairiscint an Aontais agus a rannchuidiú éifeachtach chun na modhanna cur chun feidhme a neartú agus an chomhpháirtíocht dhomhanda a athbheochan trí infheistíochtaí cliste i mbonneagar ardcháilíochta a chur chun cinn, agus na caighdeáin shóisialta agus chomhshaoil is airde á n-urramú, i gcomhréir le leasanna agus luachanna an Aontais: an smacht reachta, cearta an duine agus noirm agus caighdeáin idirnáisiúnta.

11. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go dtacaíonn sí le hAthchóiriú Forbartha na Náisiún Aontaithe agus *CUIREANN SÍ I bhFÁTH* a ábhartha atá sé leanúint den Idirphlé Ardleibhéil Polaitiúil idir na Náisiúin Aontaithe agus an tAontas chun comhar, comhordú agus éifeachtacht a ngníomhaíochtaí agus a n-iarrachtaí a mhéadú.

12. *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* an tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, 'Ár gComhchlár Oibre' agus an Tuarascáil ón mBord Comhairleach Ardleibhéil maidir le hIltaobhachas Éifeachtach.

13. *IARRANN SÍ* ar Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe tógáil ar léargas agus ar mholtaí na Tuarascála maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Domhanda sna próisis leantacha a ghabhann leis an tuarascáil 'Ár gComhchlár Oibre', lena n-áirítear na moltaí ón mBord Comhairleach Ardleibhéil maidir le hIltaobhachas Éifeachtach, chun a áirithiú go ndéanfar an dul chun cinn is mó is féidir i dtreo Chlár Oibre 2030. *IARRANN SÍ* ar Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe idirphlé leanúnach a choinneáil ar bun le Ballstáit na Náisiún Aontaithe i ndáil leis sin.

**MAIDIR LE hATHBHREITHNITHE RIALTA FAOI CHUIMSIÚ AN FHÓRAIM ARDLEIBHÉIL POLAITÍOCHTA (HLPF), DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

14. *CUIREANN SÍ I dTREIS* a thábhachtaí atá athbhreithnithe ionraice, cuimsitheacha, fianaisebhunaithe, gníomhaíochtdírithe agus réamhbhreathnaitheacha ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030. Tá ról suntasach ag an Aontas, agus é ar thús cadhnaíochta i gcur chun feidhme an chláir sin, i ndáil leis sin.

15. I ndáil leis an méid sin, *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* gur ghlac an Coimisiún an chéad Athbhreithniú Deonach de chuid an Aontais ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ag an bhFóram Ardleibhéil Polaitíochta i mí Iúil 2023 agus dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di freisin cur i láthair an athbhreithnithe sin. *MOLANN SÍ* don Choimisiún leas a bhaint as Athbhreithniú Deonach an Aontais mar mhodh chun feasacht a mhúscailt agus cur chun feidhme a neartú a thuilleadh ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil.

16. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* gur cleachtadh tuairiscithe é Athbhreithniú Deonach an Aontais go príomha chun measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach go dtí seo agus chun dúshláin agus bearnaí a shainaithint agus *CUIREANN SÍ I bhFÁTH* go bhfuil géarghá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chuige comhtháite straitéiseach uaillmhianach cuimsitheach an Aontais chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme faoi 2030 agus ina dhiaidh sin. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a hiarraidh straitéis chuimsitheach cur chun feidhme a bheith ann. Ba cheart dó sin an bealach a réiteach do na coimisiúin atá ar na bacáin agus é a chur ar a gcumas dóibh, go háirithe an chéad choimisiún eile do 2024-2029, bogadh ar aghaidh go práinneach agus aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar gach leibhéal trí dhíriú ar bhearnaí agus trí aghaidh a thabhairt ar idirnaisc, sineirgí agus comhbhabhtálacha de mheon Chlár Oibre 2030.

17. Agus an méid sin á dhéanamh, *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* forléargas straitéiseach Athbhreithniú Deonach an Aontais ar ghealltanais agus spriocanna an Aontais maidir le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear spriocanna cainníochtaithe atá faoi cheangal ama do 2030 agus treoirlínte maidir le gníomhaíochtaí atá le cur i gcrích chun cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a thabhairt chun cinn, go háirithe in oirchill thosaíochtaí polaitiúla eile an Choimisiúin. Mar sin féin, *MOLANN SÍ* don Choimisiún a shainaithint, ar bhealach níos soiléire, a mhéid a chomhlíonann na gealltanais a thug an tAontas cheana agus na spriocanna atá leagtha síos aici maidir le Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais. *TUGANN SÍ DÁ hAIRE* go bhféadfaí deis a chur ar fáil don tsainaithint sin dá nglacfaí straitéis chuimsitheach cur chun feidhme.

18. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún athbhreithniú deonach nua a thíolacadh ar chur chun feidhme inmheánach agus seachtrach an Aontais maidir leis na SDGanna uair amháin ar a laghad gach 4 bliana agus ar a dhéanaí roimh an gcéad Chruinniú Mullaigh SDGanna eile. Agus an méid sin á dhéanamh aici, *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún próiseas rannpháirtíochta a bhunú a bheidh tráthúil, oscailte, trédhearcach agus il-leibhéil chun an chéad athbhreithniú deonach eile de chuid an Aontais a ullmhú, le rannpháirtíocht ghníomhach na Comhairle, agus i ndlúthchomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara agus le Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir le Treoirlínte na Náisiún Aontaithe. *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* go bhfuil gnéithe réamhbhreathnaitheacha in athbhreithniú deonach an Aontais, ach *CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS* gur cheart le hathbhreithnithe deonacha an Aontais a dhéanfar amach anseo a ról a threisiú mar thionscadal beartais réamhbhreathnaitheach agus mar uirlis lena mbeartaítear beartais chlaochlaitheacha a shaothrú.

19. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* tiomantas daingean an Aontais don Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (PCSD) i gcomhréir le Moltaí Aireachta ECFE 2019. I ndáil leis an méid sin, *IARRANN SÍ* go bhféachfaí leis in athbhreithnithe deonacha an Aontais a dhéanfar amach anseo, go ndéanfar measúnú níos cuimsithí agus níos criticiúla ar a bhfuil bainte amach chomh maith le heasnaimh i gcomhtháthú beartas i ngníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an Aontais, lena n-áirítear sineirgí agus comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus aird ar leith á tabhairt ar thionchair ar thíortha comhpháirtíochta.

20. I ndáil leis an méid sin, *IARRANN SÍ* ar Eurostat anailís fheabhsaithe a dhéanamh ar éifeachtaí iarmharta na mbeartas inmheánach agus seachtrach, lena n-áirítear idirnaisc idir na SDGanna éagsúla agus tionchar na ngníomhaíochtaí intíre i dtíortha comhpháirtíochta, mar a beartaíodh le SDG 17.14. *MOLANN SÍ* freisin do Eurostat aird ar leith a thabhairt ina thuarascáil bhliantúil féin ar thionchar bheartais an Aontais ar na príomhathruithe claochlaitheacha a leagtar amach i dTuarascáil 2023 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Dhomhanda.

21. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a thábhachtaí atá próisis athbhreithnithe chuimsitheacha thrédhearcacha i gcomhréir leis an bprionsabal uileghabhálach gan aon duine a fhágáil ar lár agus go ndéanfaí na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe a chothromú: an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil. I ndáil leis an méid sin, *DEARBHAÍONN SÍ* gur *DÍOL SÁSAIMH DI* na comhairliúcháin a rinne an Coimisiún leis an gComhairle agus le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú deonach an Aontais á dhréachtú aici ach *IARRANN SÍ*, ag féachaint do róil institiúideacha agus do shainchumais, go ndéanfaí iarrachtaí feabhsaithe agus go méadófaí an trédhearcacht chun a áirithiú go ndéanfar torthaí na gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara a léiriú go soiléir sna hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo.

**CHUN AN OBAIR AGUS AN T-IDIRPHLÉ IDIR AN CHOMHAIRLE AGUS AN COIMISIÚN A NEARTÚ, DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

22. I bhfianaise a ríthábhachtaí atá na 7 mbliana atá romhainn, *CUIREANN SÍ I bhFÁTH* a thábhachtaí atá sé idirghníomhaíocht agus comhoibriú a neartú, ar bhonn rialta, idir an Coimisiún, lena n-áirítear Eurostat, agus an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún chun dlús a chur le cur chun feidhme comhchoiteann na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais agus chun comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a fheabhsú.

23. Ag tógáil ar an idirphlé struchtúrtha rialta leis an gCoimisiún i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, *GABHANN SÍ UIRTHI FÉIN*, ina theannta sin, scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun timthriall oibre bliantúil struchtúrtha a bhunú maidir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe sa Chomhairle, ag tosú le foilsiú chlár oibre bliantúil an Choimisiúin. *MOLANN SÍ* bliain phíolótach ag tosú le foilsiú an chéad chláir oibre bhliantúil eile de chuid an Choimisiúin do 2024.

24. *GEALLANN SÍ* obair leantach a dhéanamh ar an tuarascáil bhliantúil ó Eurostat le moladh i scríbhinn don Choimisiún chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach chomhleanúnach ag féachaint do na SDGanna lena léirítear treochtaí measartha nó diúltacha a bheidh le breithniú nuair a dhréachtaíonn an Coimisiún a chlár oibre bliantúil. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* a tiomantas sa Dearbhú Comhpháirteach is déanaí maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus *GABHANN SÍ UIRTHI FÉIN* a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe san idirphlé rialta leis an gCoimisiún sula nglacfar clár oibre bliantúil an Choimisiúin, bunaithe ar an Tuarascáil Faireacháin is déanaí ó Eurostat.

25. *GEALLANN SÍ* anailís a dhéanamh ar thograí reachtacha roghnaithe i gclár oibre bliantúil an Choimisiúin a bhfuil an tionchar is mó acu ar na SDGanna, agus aird ar leith á tabhairt ar na tograí sin a léiríonn treochtaí measartha nó diúltacha. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún a chur i láthair conas a chomhtháthaítear na SDGanna sna measúnuithe tionchair a ghabhann leis na tograí reachtacha roghnaithe i gcomhréir le hathbhreithniú 2021 ar an gcreat beartais maidir le Rialáil Níos Fearr, chun gur fusa don Chomhairle an anailís a rinne an Coimisiún a mheas. I bhfianaise na measúnuithe tionchair, *GEALLANN SÍ* an anailís a rinneadh ar na tograí sonracha agus ar a dtionchar ar na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chomhroinnt trí mholadh i scríbhinn a thabhairt do chomhlachtaí ábhartha na Comhairle.

26. *ADMHAÍONN SÍ* gur uirlis thábhachtach é creat an tSeimeastair Eorpaigh chun beartais eacnamaíocha agus shóisialta a chomhordú agus chun faireachas a dhéanamh orthu chun beartais inmheánacha a ailíniú le Clár Oibre 2030, agus dá bhrí sin, *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún measúnú eatramhach ar an bpróiseas sin a mheas mar rannchuidiú le cur chuige comhtháite, straitéiseach, uaillmhianach agus cuimsitheach an Aontais i ndáil le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030. *AITHNÍONN SÍ* freisin a thábhachtaí atá uirlisí réamh-mheastacháin mar shampla modhanna réamhamhairc ar cheart iad a fheabhsú de réir a chéile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar scrogaill i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030.

**CHUN CUR CHUIGE UILE-SHOCHAÍ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME A NEARTÚ, DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

27. *CUIREANN SÍ I dTREIS* gur freagracht chomhroinnte é cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 lena n-éilítear cur chuige uile-shochaí atá fréamhaithe i gcearta an duine, lena n-áirithítear gan aon duine a fhágáil ar lár agus gurb iad is faide chun deiridh a ndruidtear orthu ar dtús agus, dá bhrí sin, *AITHNÍONN* sí gur gá an comhar idir an Chomhairle agus na páirtithe leasmhara maidir le cur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe a neartú, aontacht a fheabhsú agus infheictheacht a mhéadú maidir leis an obair chomhpháirteach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

28. I ndáil leis an méid sin, *TATHANTAÍONN SÍ* ar an gCoimisiún ardán comhairliúcháin buan tiomnaithe a athbhunú ina dtabharfar páirt do réimse leathan páirtithe leasmhara in obair an Aontais ar na SDGanna, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda araon, ina mbeidh ballraíocht chuimsitheach ionadaíoch, chun an cur chuige uile-shochaí a éascú chun feabhas a chur ar ghníomhaíocht agus maidir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus iad a chur i gcrích. *MOLANN SÍ* gur cheart don ardán sin a bheith rannpháirteach san fhaireachán ar chur chun feidhme na spriocanna forbartha inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais agus in athbhreithnithe deonacha an Aontais amach anseo faoi chuimsiú an Fhóraim Ardleibhéil Polaitíochta. *IARRANN SÍ* ar an gCoimisiún ceachtanna a foghlaimíodh ón ardán il-pháirtithe leasmhara a bhí ann roimhe seo a chur i láthair agus tógáil orthu.

29. *ADMHAÍONN SÍ* a thábhachtaí atá sé malartú faisnéise agus cleachtaí piarfhoghlama a chur chun cinn i measc na mBallstát, lena n-áirítear trí líonraí, ionstraimí agus pobail chleachtais atá ann cheana, chun go mbeifear in ann comhghuaillíochtaí a fhorbairt agus feabhas a chur ar an ngníomhaíocht chomhchoiteann chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme.

30. *CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT* a thábhachtaí atá an dlúthchomhar a dhéantar laistigh den Chomhairle, go háirithe i bpróisis thimthriallacha shonracha, mar shampla príomhtheachtaireachtaí polaitiúla a ullmhú roimh gach Fóram Ardleibhéil Polaitíochta bliantúil. *MOLANN SÍ* go ndéanfaí na príomhtheachtaireachtaí polaitiúla a chomhaontú go luath san earrach agus go n-úsáidfeadh gníomhaithe an Aontais iad ar bhonn deonach le linn na sraithe imeachtaí as a dtiocfaidh gach Fóram Ardleibhéil Polaitíochta bliantúil. Ina theannta sin, *MOLANN SÍ* go bhfágfaí faoin gComhairle é na príomhtheachtaireachtaí polaitiúla a fhormheas.